NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

AN COIMISIÚN EORPACH

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11058 — ALTOR / MARLIN / MELTWATER)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2023/C 145/15)

1. An 19 Aibreán 2023, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Altor Fund Manager AB ("Altor", an tSualainn),

— Marlin Management Company LLC ("Marlin", Stáit Aontaithe Mheiriceá),

— Meltwater N.V. ("Meltwater", an Ísiltír).

Gheobhaidh Altor agus Marlin rialú comhpháirteach ar Meltwater de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— i gcás Altor: gnólacht cothromais phríobháidigh a infheistíonn i gcuideachtaí meánmhéide Nordacha den chuid is mó d'fhonn luach a chruthú trí thionscnaimh fáis agus trí fheabhsuithe oibríochtúla,

— i gcás Marlin: gnólacht infheistíochta domhanda atá dírithe ar réitigh shaincheaptha a sholáthar do mháthairghnóthais chorparáideacha, do scairshealbhóirí agus do pháirtithe leasmhara eile a fhreastalaíonn ar a riachtanais ghnó agus leachtachta,

— i gcás Meltwater: soláthraí domhanda faisnéise sna meáin agus anailísíochta sóisialta ar fud na nuachta ar líne, na meán sóisialta, na nuachta clóite, na nuachta craolta agus podchraoltaí.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11058 — ALTOR / MARLIN / MELTWATER

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË